**An Fhoirm LE1A**

**FOIRM AN DEARBHAITHE REACHTÚIL Ó AONTAITHEOIRÍ LE hAINMNIÚ IARRTHÓIRÍ ÁIRITHE I dTOGHCHÁIN ÁITIÚLA**

Dearbhaímse ……………………………………………………………..……..………… (*ainm i gceannlitreacha*) an méid seo a leanas go sollúnta agus go fírinneach –

**Sonraí an Aontaitheora**

1. Uimhir agus litreacha ceantair vótaíochta ar Chlár na dToghthóirí:

   ________________________________________________

2. Seoladh ar Chlár na dToghthóirí dá dtagraítear ag 1 (*seoladh i gceannlitreacha*):

   ________________________________________________

   ________________________________________________

3. Mionsonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir ghutháin i rith an lae agus uimhir ghutháin póca:

   ________________________________________________

4. An cineál fianaise fótagrafaí arna tabhairt ar aird don fhinné mar aon le haon uimhir shainiúil atá uirthi:

   ________________________________________________

**Toghlimistéar Áitiúil/Iarrthóir**

5(a). Údarás Áitiúil:________________________________________

5(b): Ainm an toghlimistéir áitiúil reatha ina bhfuil seoladh an aontaitheora ag 2 thuas suite:

________________________________________________

6. Ainm an iarrthóra (*ainm i gceannlitreacha*):

   ________________________________________________

7. Seoladh an iarrthóra (*seoladh i gceannlitreacha*):

   ________________________________________________

   ________________________________________________

**Aontú**

8. Aontaím le hainmniú an iarrthóra dá dtagraítear ag 6 agus 7 ag an gcéad toghchán áitiúil eile atá le bheith ann sa toghlimistéar áitiúil ina bhfuil an seoladh ag 2 suite tráth an toghcháin.

9. Níor aontaigh mé le hainmniú aon iarrthóra eile sa toghchán dá dtagraítear ag 8,

agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach go bhfuil sé fíor agus de bhua an Achta i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Sínithe…………………………………………………..

Arna dhearbhú os mo chomhairse ……………………………………………[*ainm i gceannlitreacha*] [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [feidhmeannach síochána] [comhalta den Gharda Síochána] [oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin] ag………………………………………….………..ar a bhfuil aithne phearsanta agam i………………………………………………………………………………………
[*an áit a sínítear an dearbhú*] an……..ú lá seo de …………………………[dáta]

………………………………
[síniú an fhinné]

| |
|---|
| Stampa Stáisiún<br>an Gharda Síochána/<br>an Údaráis Clárúcháin |

[*más iomchuí*]

**An Fhoirm LE1A**

**FOIRM AN DEARBHAITHE REACHTÚIL Ó AONTAITHEOIRÍ LE hAINMNIÚ IARRTHÓIRÍ ÁIRITHE I dTOGHCHÁIN ÁITIÚLA**

**NÓTAÍ**

(*Léigh na nótaí go cúramach le do thoil sula gcomhlánóidh tú an dearbhú reachtúil. Is mar threoir amháin a thugtar na nótaí atá i gceangal leis seo agus ní míniú dlíthiúil iad*).

**Ginearálta**

Más rud é nach bhfuil duine ina (h)iarrthóir de chuid páirtí polaitíochta cláraithe, d'fhonn a bheith ainmnithe go bailí chun seasamh mar iarrthóir i dtoghchán áitiúil, beidh air/uirthi ceann amháin de na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh roimh dheireadh an ama chun ainmniúcháin a ghlacadh:

(i) dearbhuithe reachtúla a bheith comhlánaithe ag 15 aontaitheoir atá cláraithe mar thoghthóirí sa toghlimistéar áitiúil iomchuí. Ní mór na haontuithe sin a bheith fianaithe ag Nótaire Poiblí, ag

Coimisinéir Mionnaí, ag Feidhmeannach Síochána, ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin (Comhairle Cathrach nó Contae), nó

(ii) éarlais €100, a bheith taiscthe leis an gCeann Comhairimh ag an iarrthóir, nó ag duine éigin atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra.

Tá an fhoirm seo le húsáid chun dearbhuithe reachtúla a dhéanamh maidir le haontú faoi (i) thuas; tá cóipeanna den fhoirm ar fáil saor in aisce ó chinn chomhairimh agus ó údaráis chlárúcháin.

Níl aontú bailí ach amháin i leith an toghlimistéir áitiúil ina bhfuil seoladh an aontaitheora suite tráth an aontaithe le linn an toghcháin.

Féadfar an t-aontú a dhéanamh aon tráth ach ní fhéadfar é a úsáid ach amháin sa chéad toghchán áitiúil eile sa toghlimistéar áitiúil iomchuí.

Tá an t-iarrthóir nó an moltóir an iarrthóra freagrach as na haontuithe riachtanacha a fháil, as na 15 dhearbhú reachtúla a chur i gceangal leis an bpáipéar ainmniúcháin agus as na doiciméid go léir a sheachadadh ar an gceann comhairimh faoin spriocdháta chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán.

Féadfaidh ceann comhairimh a rialú go bhfuil páipéar ainmniúcháin ó iarrthóir a roghnaigh rogha an aontaithe neamhbhailí má mheasann sé nó sí nár chomhlíon an t-iarrthóir na ceanglais reachtúla a bhaineann le haontú.

**Nótaí maidir le Codanna Éagsúla den Fhoirm**
Ní foláir gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

**Codanna 1 agus 2:** Is ceart don aontaitheoir a (h)uimhir agus litreacha a c(h)eantair vótaíochta (Cuid 1) agus seoladh (Cuid 2) a chur isteach mar atá sonraithe ar Chlár na dToghthóirí. Féadfar an Clár a iniúchadh in oifigí an údaráis áitiúil nó ar an suíomh gréasáin atá acu; i leabharlanna, in oifigí poist agus i Stáisiúin na nGardaí; agus trí www.checktheregister.ie.

**Cuid 3:** Cuir isteach mionsonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir ghutháin i rith an lae agus uimhir ghutháin póca.

**Cuid 4:** Nuair atá an dearbhú reachtúil á dhéanamh ní foláir do gach aontaitheoir ceann de na doiciméid fhótagrafacha seo a leanas a thabhairt leo chun críocha céannachta – pas, ceadúnas tiomána, cárta aitheantais fostaí ar a bhfuil grianghraf, cárta aitheantais mic léinn arna eisiúint ag foras oideachais agus ar a bhfuil grianghraf, doiciméad taistil ar a bhfuil ainm agus grianghraf, Cárta Seirbhísí Poiblí, Deimhniú Cónaithe Sealadach nó Cárta Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána.

Ní foláir ceann de na doiciméid a thabhairt ar aird don fhinné a ghlacann an dearbhú reachtúil, agus ní foláir an cineál doiciméid, mar aon le haon uimhir shainiúil atá air (e.g. uimhir phas), a thaifeadadh i gCuid 4.

**Cuid 5:** Cuir isteach ainm an údaráis áitiúil agus an toghlimistéir áitiúil ina bhfuil an seoladh i gCuid 2 den fhoirm suite ar an dáta a dhéantar an dearbhú reachtúil. Is ceart a nótáil nach bhfuil aontú bailí ach

amháin i leith an toghlimistéir áitiúil ina bhfuil seoladh an aontaitheora suite tráth an aontaithe le linn an toghcháin.

**Codanna 6 agus 7:** Cuir isteach ainm (Cuid 6) agus seoladh (Cuid 7) an iarrthóra a bhfuil aontú á thabhairt maidir lena (h)ainmniú.

**Cuid 8:** Is é seo an t-aontú foirmiúil le hainmniú an iarrthóra sa chéad toghchán áitiúil eile atá le bheith ann sa toghlimistéar áitiúil ina bhfuil an seoladh i gCuid 2 suite tráth an toghcháin.

**Cuid 9:** Ní mór don aontaitheoir a dhaingniú ar an dearbhú reachtúil nach bhfuil sé nó sí tar éis aontú le hainmniú aon iarrthóra eile sa toghchán lena mbaineann.

Ní foláir don aontaitheoir an dearbhú a shíniú i láthair an fhinné.

**Finné ar Dhearbhú Reachtúil**
Ní foláir an dearbhú reachtúil a bheith fianaithe ag Nótaire Poiblí, ag Coimisinéir Mionnaí, ag Feidhmeannach Síochána, ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin. I gcás go ndéantar an doiciméad céannachta riachtanach a thabhairt ar aird faoi Chuid 4, foráiltear leis an dlí gur leor an méid sin chun go bhféadfaidh an finné a shíniú ar an bhfoirm go bhfuil aithne phearsanta aige/aici ar an aontaitheoir.

I gcás Gardaí nó oifigeach údaráis chlárúcháin, ní foláir stampa oifigiúil an stáisiúin Garda nó an údaráis clárúcháin a stampáil ar an dearbhú sa bhosca a sholáthraítear chuige sin.

**Pionóis**
Faoin Acht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, dlífear fíneáil Aicme B[2] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine a dhéanann, go feasach, dearbhú reachtúil a thabhairt atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.

---

[2] Feach Cuid 2 don tAcht Fíneálacha 2010